Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11518/22**

**PI 90**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11110/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Cearta maoine intleachtúla an Aontais - Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta'<br>– Conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Cearta maoine intleachtúla an Aontais — Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta', mar a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) é ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Iúil 2022.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Cearta maoine intleachtúla an Aontais - Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta'

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2022: 'Cearta maoine intleachtúla an Aontais - Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta';

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na barúlacha agus na moltaí sa Tuarascáil Speisialta, lena dtugtar aghaidh ar éifeachtacht an chreata rialála um chearta maoine intleachtúla (CMI) maidir le trádmharcanna, dearaí agus tásca geografacha de chuid an Aontais agus ar éifeachtacht a chur chun feidhme, chomh maith le rialuithe forfheidhmithe CMI sna Ballstáit, don tréimhse ó mhí Eanáir 2017 go dtí mí Aibreáin 2021;

3. MEASANN SÍ gur rannchuidiú úsáideach í an Tuarascáil Speisialta le machnamh na mBallstát agus an Choimisiúin maidir leis an gcaoi le feabhas breise a chur ar chóras CMI, ar a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus ar an tacaíocht ó Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) san iarracht sin;

4. AITHNÍONN SÍ, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé creat rialála CMI an Aontais a chomhlánú agus a nuashonrú agus, go háirithe, maidir leis na hábhair seo a leanas:

***Tásca geografacha***

5. MEABHRAÍTEAR DI aontachas an Aontais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, rud a rannchuidigh le feabhsú, nuachóiriú agus cómhalartacht chórais chosanta na dtásc geografach ar an leibhéal domhanda;

6. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi an 18 Meitheamh 2021, inar athdhearbhaigh an Chomhairle go raibh sí réidh le machnamh a dhéanamh ar chóras a thabhairt isteach le haghaidh cosaint *sui generis* do tháirgí neamhthalmhaíochta ar leibhéal an Aontais, agus an comhairliúchán poiblí an 29 Aibreán 2021;

7. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé creat rialála CMI an Aontais a thabhairt chun críche agus a thabhairt cothrom le dáta agus, sa chomhthéacs sin, machnamh a dhéanamh ar chóras cosanta tásca geografacha an Aontais a leathnú chuig táirgí neamhthalmhaíochta chun cosaint éifeachtúil a chur ar fáil do na táirgí sin ar fud chríoch an Aontais, i bhfianaise ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh atá mar thoradh ar an easpa comhchuibhithe idir na Ballstáit faoi láthair agus, dá bhrí sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ an togra ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint, ar a bhfuil breithniú gníomhach á dhéanamh aici;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na barúlacha agus na moltaí sa tuarascáil speisialta i ndáil leis an gcóras cosanta tásca geografacha atá ann cheana do tháirgí talmhaíochta, TAGRAÍONN SÍ d’iarrataí na mBallstát ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 7 Aibreán agus an 13 Meitheamh 2022 an córas sin a chomhdhlúthú agus a neartú a thuilleadh agus, dá bhrí sin, TÁ SÍ TIOMANTA do scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún an 31 Márta 2022 sa chomhthéacs sin;

***Dearaí tionsclaíocha***

9. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi an 10 Samhain 2020 maidir leis an mbeartas maoine intleachtúla agus an t-athbhreithniú ar an gcóras dearaí tionsclaíocha san Aontas, inar leagadh béim cheana ar an ngá atá ann an córas cosanta do dhearaí tionsclaíocha san Aontas a nuachóiriú chun reachtaíocht na mBallstát a chomhchuibhiú a thuilleadh;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ an comhairliúchán poiblí an 29 Aibreán 2021 agus na haighneachtaí éagsúla a fuarthas;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na tograí reachtacha comhfhreagracha a thíolacadh gan a thuilleadh moille, chun go mbeidh cosaint dearaí níos inrochtana agus níos tarraingtí do chruthaitheoirí agus do ghnólachtaí, agus go háirithe do FBManna;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an deis sin a thapú chun rialú a chur chun feidhme ar earraí faoi bhealach, mar atá bunaithe cheana féin do thrádmharcanna, agus machnamh a dhéanamh ar chosaint comhpháirteanna de tháirgí casta a úsáidtear le haghaidh deisiúcháin, d’fhonn an margadh aonair a thabhairt chun críche;

*Trádmharcanna*

13. MEABHRAÍTEAR DI gur tugadh athchóiriú cuimsitheach ar chóras trádmharcanna an Aontais, a seoladh in 2009, chun críche in 2017 trí ghlacadh Rialachán (AE) 2017/1001;

14. TÁ SÍ AG SÚIL LE meastóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar chur chun feidhme an Rialacháin sin, dá bhforáiltear in Airteagal 210;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ina mheastóireacht, barúlacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur san áireamh;

*Forfheidhmiú*

16. MEABHRAÍTEAR DI cineál comhchuibhithe íosta na Treorach maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú, meastóireacht an Choimisiúin ar an Treoir in 2017, agus na conclúidí ón gComhairle maidir le forfheidhmiú maoine intleachtúla an 1 Márta 2018, an 10 Samhain 2020 agus an 18 Meitheamh 2021;

17. ÓS FEASACH DI an díobháil a rinneadh de dheasca góchumtha, mar a chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtábhacht, measann EUIPO gurb ionann é agus 6.8 % d'allmhairí bliantúla iomlána an Aontais, EUR 83 bhilliún in ioncam caillte don gheilleagar, chomh maith le 400,000 post caillte[1];

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ gur sheol an Coimisiún glao ar fhianaise an 3 Feabhra 2022; TÁ SÍ AG SÚIL LE tíolacadh Bhosca Uirlisí an Aontais in aghaidh góchumtha sna míonna atá le teacht i mbliana, lenar cheart féachaint le gníomhaíocht chomhleanúnach, éifeachtach agus chomhordaithe a leagan amach in aghaidh an ghóchumtha, ar líne agus as líne araon, go háirithe trí chomhroinnt faisnéise mhéadaithe agus trí chomhar méadaithe idir sealbhóirí cirt, idirghabhálaithe agus údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé comhsheasmhacht a áirithiú idir tionscnaimh agus líonraí, imscrúduithe trasteorann a éascú, agus comhar idirghníomhaireachta a fheabhsú;

[1] EUIPO, *2020 Status Report on IPR Infringement* [Tuarascáil Stádais 2020 maidir le sárú ar CMI].

*Rialachas agus cuntasacht*

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na barúlacha a tugadh sa Tuarascáil Speisialta maidir le creat rialachais agus cuntasachta EUIPO chomh maith leis na freagraí a thug an Oifig agus an Coimisiún cheana i ndáil leis na barúlacha sin;

20. IARRANN SÍ ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi thuarascálacha iniúchóireachta amach anseo maidir le maoin intleachtúil.